A ndúirt an tUachtarán Metsola le Parlaimint na hEorpa
Seisiún Iomlánach Urghnách inar coimeádadh cuimhne ar 1,000 lá d'ionradh na Rúise ar an Úcráin
An Bhruiséil, an 19 Samhain 2024

Táimid anseo inniu i gcuimhne ar 1,000 lá ó rad an Rúis a hionradh brúidiúil ar an Úcráin.

1,000 lá de sceimhle, d'fhulaingt, agus de chaillteanas doshamhlaithe. 1,000 lá de mhisneach, d'athléimneacht, agus de spiorad dochloíte.

Le 1,000 lá anuas, tá muintir na hÚcráine – agus tú féin, a Uachtaráin Zelenskyy – ag nochtadh a bhfuil i gceist go díreach le fíorchrógacht. Sheas sibh an fód. Níor ghéill sibh. Is inspioráid iad muintir na hUcráine do dhaoine ar fud na cruinne ar mór acu an tsaoirse.

Agus le 1,000 lá anuas, tá tacaíocht aontaithe agus bhuanseasmhach á tabhairt ag an bParlaimint do mhuintir na hÚcráine agus dá gcuid ionadaithe in Verkhovna Rada. Agus seasfaimid i gcónaí leis an Úcráin - inniu, amárach, gach lá. Chomh fada agus a thógann sé.

Is ionsaí é seo, ní hamháin ar an Úcráin, ach ar an ord riailbhunaithe. Ionsaí ar ár luachanna, agus ar ár slí mhaireachtála. Síocháin, daonlathas agus saoirse - sin atá i ngeall air seo. Agus tá a fhios againn an íobairt atá á fulaingt ag muintir na hÚcráine – ní ar a son féin amháin, ach ar son gach duine againn.

Beidh bród orm go deo gurbh í an Pharlaimint seo a bhí chun tosaigh i gcónaí, agus tacaíocht pholaitiúil, airgeadais, dhaonnúil agus mhíleata á tabhairt don Úcráin. Seasfaimid ar son na síochána i gcónaí – fíorshíocháin atá bunaithe ar an gceartas, ar an dínit agus ar an bprionsabal nach ndéanfar rud ar bith faoin Úcráin gan an Úcráin.

Sin an fáth a bhfuil smachtbhannaí diana forchurtha againn ar an Rúis agus go bhfuilimid ag iarraidh tuilleadh fiú a dhéanamh chun meaisín cogaidh na Rúise a bhualadh.

Sin é an fáth ar iarramar, roimh éinne eile, gur cheart go mbeadh an Úcráin laistigh den Aontas Eorpach seo againne, mar is cóir. Sin é an fáth a rabhamar ann, ar an talamh i gCív, cúpla seachtain tar éis thús an ionraidh.

Inniu, tá teachtaireacht shoiléir shimplí againn: seasaimid leis an Úcráin, go bun na saoirse, go bun na fíorshíochána.

Chomh fada agus a thógann sé. Slava Ukraini!